An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Ardscoil Mhuire Ríon
Sráid Sheasnáin, Luimneach
Uimhir rolla: 64250J

Dáta na cigireachta: 5 Bealtaine 2010

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

AN TUAIRISC CHIGIREACHTA SEO

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis chigireacht ábhair in Ardscoil Mhuire Ríon. Leagann sé amach tátail mheasúnachta maidir le cáilíocht na foghlama agus an teagaisc sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht seo, inar thug an cigire cuairt ar ranganna Gaeilge agus inar breathnaíodh an fhoghlaim agus an teagasc, thar lá amháin. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúcháin scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na measúnachta don phríomhoide agus do na múinteoirí Gaeilge. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Ceithre rang Gaeilge sa tseachtain a bhíonn ag scoláirí sóisearacha na scoile agus cúig rang sa tseachtain a bhíonn ag na scoláirí sinsearacha. Athraíonn an chaoi a scagtar scoláirí i ranganna ó bhliain go bliain de réir mar a athraíonn riachtanais scoláirí na mbliainghrúpaí éagsúla. Moltar an cur chuige seo. Spreagtar gach scoláire chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an leibhéal is airde a oireann dá cumas. Moltar é seo. Faigheann gach múinteoir taithí ar an nGaeilge a mhúineadh sna cláir éagsúla agus ag na leibhéil éagsúla, cleachtas atá inmholta.

Tá díolúine ó staidéar na Gaeilge ag naonúr scoláire is daichead. Tá deacrachtaí foghlama ag seisear déag de na scoláirí seo agus fuair an fuílleach an chuid luath dá n-oideachas thar lear. Tugadh le fios go bhfuil roinnt scoláirí ann atá i dteideal díolúine ach a thugann faoi staidéar na Gaeilge. Tá moladh ar leith tuillte ag na scoláirí seo agus ag na múinteoirí a thacaíonn leo. Maidir leis na scoláirí nach nglacann páirt sna ranganna Gaeilge, déantar iarracht ar ranganna tacaíocht foghlama nó tacaíocht sa Bhéarla mar Theanga Bhreise, a thionóladh dóibh tráth a bhíonn na ranganna Gaeilge ar siúl.

Aithníonn an bhainistíocht agus na múinteoirí Gaeilge an tábhacht a bhaineann leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Is údar mór sásaimh dóibh é go mbeidh an scoil páirteach i dTionscnamh na Scoileanna Foghlama le linn na scoilbhliana seo chugainn. Tá sé i gceist acu díriú ar an Measúnú chun Foghlama. Tá fiúntas ag baint leis seo. Tá freastal déanta ag na múinteoirí Gaeilge ar na ceardlanna inseirbhíse don Ghaeilge atá á reáchtáil ag an Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal. Ina theannta seo thug duine de na hOifigigh Réigiúnda cuairt orthu sa scoil chun go bhféadfaidís díriú ar shainghnéithe dá gcleachtas ranga. Tá moladh tuillte ag na múinteoirí as a gcuid iarrachtaí chun forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna mar oideachasóirí. .

Múintear an Ghaeilge i seomraí difriúla ar fud an fhoirgnimh. Tá iarracht déanta ag múinteoirí ar thimpeallacht foghlama spreagúil a chruthú sna seomraí ina múineann siad an Ghaeilge ach tá teorainn leis an méid is féidir leo a dhéanamh toisc go mbíonn siad, agus formhór na

scoláirí, de shíor ag taisteal. Iarrtar ar an mbainistíocht machnamh a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le seomra ar leith a chur ar fáil le haghaidh ranganna Gaeilge. Ba mhór an chabhair do scoláirí é, go mór mór agus iad i mbun cainte, dá mbeadh áiseanna tagartha ar nós múnlaí cainte coitianta, léaráidí agus cnuasaigh focal ar taispeáint sa seomra ranga seo. Chomh maith leis seo, braitear go mbainfí leas níos minice agus níos éifeachtaí as na hacmhainní atá cnuasaithe ag na múinteoirí Gaeilge dá mbeidís ar fáil in áit lárnach ar nós Seomra na Gaeilge.

Eagraítear imeachtaí comh- agus tras-churaclaim a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn lasmuigh den seomra ranga. Tuairiscíodh gur mór-ócáid ar fhéilire na scoile í Seachtain na Gaeilge tráth a eagraítear tráth na gceist, céilithe agus imeachtaí éagsúla. Is mór an chabhair é an dearcadh dearfach atá ag pobal na scoile, go mór mór ag na baill fhoirne, i leith na Gaeilge. Mar léargas breise air seo, ba dheas an rud é dá mbeadh roinnt bheag Gaeilge ar stáiseanóireacht agus ar chomharthaíocht na scoile agus in aon chomhfhreagras nó foilseacháin de chuid na scoile.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Thug an fhoireann teagaisc faoin bpleanáil um fhorbairt scoile ar bhonn foirmeálta trí bliana ó shin. Tá na múinteoirí Gaeilge gníomhach sa phleanáil um fhorbairt ábhair ón am sin i leith agus is é an fócas reatha atá acu ná acmhainní foghlama agus teagaisc a chnuasú. Moltar na múinteoirí as a gcuid iarrachtaí chun feidhm a bhaint as ábhar eile seachas an téacsleabhar amháin. Is mór an spreagadh a thugann ábhar nua-aimseartha atá ildaite agus idirghníomhach do scoláirí agus is mór an chabhair iad na luaschártaí agus na cairteanna atá ar fáil anois. De réir mar a chuirfear leis an stór acmhainní seo, b'fhiú go mór é dá ndéanfaí catalógú i bplean na Gaeilge ar gach acmhainn agus go sonrófaí cá bhfuil sé stóráilte agus tagairt ar leith do na hacmhainní seo sna scéimeanna oibre agus plé ag cruinnithe roinne ar an leas a bhaineann múinteoirí as na hacmhainní céanna. Tugadh le fios go mbeidh fáil ar theilgeoir sonraí i ngach seomra ranga go luath agus iarrtar ar mhúinteoirí oiread deiseanna agus is féidir ar úsáid áiseanna TFC a chruthú do scoláirí.

Breathnaíodh plean na Gaeilge. Tá teimpléad pleanála an Togra Pleanála um Fhorbairt Scoile (TPFS) comhlíonta ag an roinn agus tugann sé léargas ar an méid a dhéantar ar son na Gaeilge taobh istigh agus taobh amuigh de na ranganna Gaeilge. Ba mhaith an smaoineamh é dá mbeadh cóip leictreonach den cháipéis seo ar fáil chun go bhféadfaí é a leasú agus a uasdátú de réir mar a ghluaiseann an próiseas pleanála ar aghaidh.

Tá miontuairiscí na gcruinnithe iniata sa phlean ábhair. Ba léir uathu go dtagann baill na roinne le chéile chun plé a dhéanamh ar nithe ar nós scrúduithe, scagadh scoláirí, torthaí scrúduithe, imeachtaí comh- agus tras-churaclaim agus mar sin de. Is dea-chleachtas é a leithéid de chomhoibriú a bheith ann agus iarrtar ar mhúinteoirí an deis a thapú ag na cruinnithe seo chun plé a dhéanamh ar an gcleachtas ranga. B'fhiú, cuir i gcás, caint a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis na straitéisí de chuid an Measúnú chun Foghlama atá curtha / á gcur i bhfeidhm le linn ceachtanna.

D'ullmhaigh múinteoirí do cheachtanna trí na gníomhaíochtaí a bheadh le comhlíonadh ag scoláirí a bheartú roimh ré. Bhí rath ar leith ag baint leis na ceachtanna úd ina raibh téama á phlé agus ceangal téamuil idir tascanna éagsúla an cheachta. Ba léir machnamh a bheith déanta roimh ré ag múinteoirí áirithe ar na gnéithe den teanga a chlúdófaí sa cheacht. Roghnaigh siad modheolaíochtaí, acmhainní agus gníomhaíochtaí foghlama oiriúnacha a chruthódh deiseanna do scoláirí ar ghnéithe nua den teanga a chleachtadh agus a shealbhú. Braitheadh áfach, gur mhó an bhéim a leagadh ar fhocail aonair ná ar abairtí agus ar chumarsáid. Agus ceachtanna á bpleanáil acu amach anseo iarrtar ar mhúinteoirí breis airde a

thabhairt ar na feidhmeanna teanga a bhaineann leis an topaic atá á phlé agus atá ar fail i l.17 Siollabas an Teastais Shóisearaigh.

FOGHLAIM AGUS TEAGASC

Breathnaíodh trí rang Gaeilge le linn na cuairte. Ranganna de chuid na sraithe sóisearaí a bhí i gceist. Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna seo ar fad sa mhéid gur i nGaeilge a labhair múinteoirí lena gcuid scoláirí. Ar an iomlán léirigh scoláirí tuiscint mhaith ar chaint an mhúinteora agus, nuair a tugadh an deis dóibh, rinne scoláirí áirithe iarracht inmholta ar an nGaeilge a labhairt. Ba tríd an gceistiú díreach is mó a cruthaíodh deiseanna ar labhairt na Gaeilge do scoláirí. I gcás amháin rinneadh cleachtadh ó bhéal ar ionramháil struchtúr teanga. Tá fiúntas ag baint leis seo toisc go dtéann a leithéid d'aithris i bhfeidhm ar an gcluais agus is minic a éiríonn leis an ngnáthscoláire frásaí a shealbhú ar an mbealach seo. É seo ráite, iarrtar ar mhúinteoirí gan dul thar fóir le cumarsáid mhí-nádúrtha mar é, ach scaoileadh leis na scoláirí dul i mbun fíor-chumarsáide. Chuige seo ní mór dóibh cleachtaí agus cluichí teanga a dhearadh a chuirfidh ar scoláirí leas a bhaint as na frásaí céanna. Is iomaí tasc samplach atá ar fáil ar an suíomh idirlín **www.slss.ie/gaeilge**.

Le linn ceachta amháin, cuireadh scoláirí i mbun obair bheirte. Bhain scoláirí taitneamh as an idirghníomhaíocht seo agus thug siad faoin tasc le fonn. Déantar moladh láidir go leathnófaí an úsáid a bhaintear as cleachtais a chuireann scoláirí ag déanamh cumarsáide lena chéile. Meabhraítear do mhúinteoirí an fiúntas a bhaineann le saoirse a thabhairt do scoláirí chun ceisteanna a cheapadh, tuairimí a nochtadh, ordaithe a thabhairt agus abairtí a chumadh as a stuaim féin.

Formhór an ama, bhí éagsúlacht mhaith ag baint leis na gníomhaíochtaí foghlama a cuireadh ar siúl. Is sna cásanna ina raibh ceangal téamúil idir na gníomhaíochtaí is mó a bhí toradh foghlama fónta le haithint. B'fhearr fós é nuair a chruthaigh éagsúlacht na ngníomhaíochtaí deis do scoláirí ar na ceithre scil teanga – éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh – a chleachtadh. Moltar go mbeadh bunphrionsabal na gceithre scil teanga i bhfeidhm go forleathan sna ranganna Gaeilge agus go gcuirfí scoláirí i mbun tascanna a chinntíonn go dtreisíonn siad an teanga nua-shealbhaithe ar bhealaí éagsúla. Is ar mhaithe le sealbhú éifeachtach na teanga nua-mhúinte a chinntiú a mheabhraítear do mhúinteoirí nár mhiste dóibh méid na cainte a dhéanann siad féin le linn ceachtanna Gaeilge a laghdú.

Tríd is tríd, bhí obair mhaith ar siúl sna ranganna Gaeilge a breathnaíodh agus bhí atmaisféar cúirtéiseach agus comhoibritheach le brath iontu. Tugadh suntas ar leith don chaoi ar thapaigh mórán múinteoirí oiread deiseanna agus a d'fhéadfaidís ar a gcuid scoláirí a mholadh. Tá moladh ar leith tuillte ag na múinteoirí as féin-mhuinín na scoláirí faoina gcúram a chothú. Ina theannta seo, is mór atá déanta ag múinteoirí ar mhaithe lena gcuid scoláirí a chumasú sa Ghaeilge agus is údar misnigh é an dearcadh dearfach a léirigh gach scoláire i leith na teanga.

MEASÚNÚ

I measc na slite ar a ndéantar dul chun cinn na scoláirí a mheas, áirítear monatóireacht neamhfhoirmeálta ar a gcuid rannpháirtíochta in imeachtaí an ranga, obair bhaile, trialacha ranga agus scrúduithe tí. Leagtar béim ar an measúnú leanúnach, go háirithe i gcás na scoláirí atá ag gabháil do Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) agus don Ardteist Fheidhmeach. Moltar go leathnófaí an cleachtas áirithe seo. Meabhraítear do mhúinteoirí an tábhacht a bhaineann le scileanna labhartha na scoláirí a mheas agus ba mhaith an smaoineamh é dá mbronnfaí marc ar an iarracht leanúnach a dhéanann gach scoláire ar an nGaeilge a labhairt le linn ceachtanna Gaeilge.

Aithníonn an bhainistíocht agus na baill foirne an tairbhe a bhaineann le hobair bhaile. Is iomaí straitéis atá ceaptha ar mhaithe le scoláirí a spreagadh chun tabhairt faoi thascanna baile go rialta agus le cáiréis. Tugadh le fios go raibh an-rath ar an gComórtas Obair Bhaile a eagraíodh i mbliana sa chéad agus sa dara bliain. Cruthaíodh spiorad iomaíoch idir na foirne, rud a spreag comhoibriú idir scoláirí chomh maith le mórtas as a gcuid oibre.

Breathnaíodh samplaí d'obair scríofa na scoláirí. Bhí cuid mhaith tascanna scríofa de chineálacha éagsúla comhlíonta ag mórán scoláirí. Bhí monatóireacht rialta déanta ar an obair seo agus i gcásanna áirithe thug aiseolas an mhúinteora tuiscint mhaith do scoláirí ar an gcaighdeán a bhí á bhaint amach acu. Braitear go rachadh sé go mór chun leasa na scoláirí dá bhfaighidís aiseolas níos cuimsithí ar an gcaoi ar a bhféadfaidís caighdeán níos fearr fós a bhaint amach. Is iomaí straitéis de chuid an Measúnú chun Foghlama a dhíríonn ar an ngné áirithe seo den bhfoghlaim. Fáiltítear, dá bhrí sin, roimh rannpháirtíocht na scoile i dTionscamh na Scoileanna Foghlama ós rud é go bhfuil sé i gceist acu, mar chuid den togra seo, go ndéanfaí iniúchadh níos mine ar an Measúnú chun Foghlama.

Tionóltar scrúduithe tí aimsir na Nollag agus sa samhradh chomh maith le bréagscrúduithe san earrach do scoláirí teistiméireachta. Seoltar tuairiscí abhaile i ndiaidh na mórscrúduithe ar fad. Eagraítear cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí uair sa bhliain chomh maith.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh le linn na meastóireachta:

- Léiríonn baill fhoirne dearcadh dearfach i leith na Gaeilge.
- Spreagtar scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an leibhéal is airde a oireann dá gcumas.
- Aithnítear an fiúntas a bhaineann leis an bhforbairt ghairmiúil leanúnach.
- Aithníonn na múinteoirí an fiúntas a bhaineann le hábhar beo a úsáid mar acmhainní foghlama agus teagaisc.
- Aithníonn an bhainistíocht an ról suntasach a ghlacann TFC sa saol agus an gá atá ann dá bharr chun oiread deiseanna agus is féidir ar úsáid TFC a chruthú do scoláirí.
- Ar an iomlán, bhí ullmhúchán sásúil déanta ag múinteoirí do na ranganna a breathnaíodh.
- Bhí atmaisféar na cúirtéise agus na comhoibre le brath sna ranganna ar fad a breathnaíodh.
- Tapaíodh gach deis chun na scoláirí a mholadh as a gcuid rannpháirtíochta.
- Bhí an Ghaeilge i dtreis sna ranganna a breathnaíodh.
- Cruthaíodh deiseanna ar an idirghníomhaíocht idir scoláirí.
- Cuireadh scoláirí i mbun réimse tascanna le linn ceachtanna.
- Tá córas cuimsitheach measúnaithe i bhfeidhm a choimeádann na rannpháirtithe ar fad ar an eolas maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar go bhféachfaí ar fhéidearthachtaí maidir le seomra ar leith a chur ar fáil don Gaeilge.
- Moltar go mbainfí leas as straitéisí a chruthaíonn níos mó deiseanna ar an idirghníomhaíocht idir scoláirí.
- Moltar go n-úsáidfí straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a thugann cothromaíocht do na ceithre scil teanga.

Eagraíodh cruinniú iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge agus leis an bpríomhoide mar ar cuireadh i láthair agus mar ar pléadh na dréachtchinntí agus na moltaí thuas.

Foilsithe, Nollaig 2010